Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais **2011**

# Pobail a Nascadh




Bus Átha Cliath

PRN. A12/0345




*In 2011, reáchtáil Bus Átha Cliath 19 seisiún sainchomhairliúcháin phoiblí agus chuir siad tograí a bhain le Gréasán Díreach i bhfeidhm i 22 áit ar fud an ghréasáin.*

# Clár Ábhar


Athbhreithniú ar Oibríochtaí .... 2

Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile .... 10

Tuarascáil na Stiúrthóirí .... 12

Bord Stiúrthóirí .... 16

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí .... 18

Tuarascáil na nIniúchóirí .... 19

Príomhbheartais Chuntasaíochta .... 22

Cuntas Brabúis agus Caillteanais .... 23

Clár Comhordaithe .... 24

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid .... 25

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais .... 26



Ba mhaith le Bus Átha Cliath aitheantas a thabhairt don mhaoiniú a fuarthas do mhórthionscadail ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 mar aon le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

## Léargas Ginearálta

Lean an timpeallacht gheilleagrach de bheith ina mhórthionchar ar an éileamh ar sheirbhísí le linn na bliana ach faoi dheireadh na bliana mhoilligh an ráta meatha i gcomparáid le blianta roimhe sin. Leanadh den phróiseas chun costais a thabhairt de réir ioncaim agus faoi dheireadh 2011 sábháladh €60 milliún i gcostais athfhillteacha bhliantúla agus cothaíodh laghdú €13 mhilliún i gcostais aonuaire. Rinneadh roinnt dul chun cinn i ndul ar ais chuig brabúsacht in 2011 agus meastar go leanfaidh sé seo ar aghaidh in 2012. Tá sé réasúnach le bheith ag súil gur féidir an cuspóir seo a bhaint amach sna blianta anseo romhainn, le tacaíocht na bpáirtithe leasmhara.

Rinneadh go leor forbairtí i mBus Átha Cliath in 2011. Lean an tionscadal Gréasán Díreach ag déanamh athdhearadh rathúil ar sheirbhísí le héileamh custaiméara a shásamh agus chun amchláir sheirbhíse a mhionathrú le go mbeidh siad de réir feabhsúcháin am reatha agus bearta tosaíochta bus. Thosaigh an tionscadal in 2010 tar éis athbhreithniú straitéiseach ar fheidhmíochtaí na cuideachta agus is éard atá ann maitrís chasta d'athruithe amchláir, laghduithe foirne, laghdú sa chabhlach bus, críochfoirt nua, bealaí cealaithe agus socruithe oibre foirne. Theastaigh sainchomhairliúcháin fhairsinge le go leor páirtithe leasmhara agus clár cumarsáide fada agus mionsonraithe. In 2011, reáchtáil Bus Átha Cliath 19 seisiún sainchomhairliúcháin phoiblí agus chuir siad tograí a bhain le Gréasán Díreach i bhfeidhm i 22 áit ar fud an ghréasáin. Mhéadaigh athbhreithnithe ar Ghréasán Díreach a tugadh isteach in 2010 líon na bpaisinéirí agus meastar go dtiocfaidh na torthaí céanna ó athbhreithnithe 2011. Cuireadh feachtais mhargaíochta i dtoll a chéile chun na tairbhí a bhaineann le seirbhísí athbhreithnithe 2011 a chur chun cinn. Táthar ag súil go gcríochnófar an tionscadal seo go luath in 2012.

Mar aon le hathbhreithnithe ar Ghréasán Díreach a fhorfheidhmiú, cuireadh tionscadail teicneolaíochta fhadtéarmacha i gcrích in 2011. In 2011, críochnaíodh an córas Rialaithe agus Uathláthair Feithicle (AVLC) a d'éascaigh tabhairt isteach Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) mar thairbhe atá ar fáil do gach paisinéir de chuid Bhus Átha Cliath tríd an suíomh gréasáin, feidhmchláir iPhone agus Android agus aonaid RTPI ar an tsráid. Tá rochtain láithreach beagnach anois ag formhór na gcomaitéirí a bhfuil faisnéis RTPI á lorg acu. Seoladh an Cárta Léime ag deireadh 2011 agus déanfar tuilleadh forbartha ar chéimeanna den táirge le linn 2012.

In 2011, ghlac Bus Átha Cliath páirt don chéad uair i ndomhan na meán sóisialta le cuntais oifigiúla Facebook agus Twitter atá ina n-uirlisí fíorluachmhara chun ár gcustaiméirí a chur ar an eolas maidir le seirbhísí agus promóisin Bhus Átha Cliath. Tá luach ar leith ag baint leis an gcumas atá ag na meáin shóisialta eolas a scaipeadh láithreach le linn cásanna ina bhfuil drochthionchar ar sheirbhísí mar gheall ar chúinsí nach bhfuil smacht orthu cosúil leis an drochaimsir i mí Dheireadh Fómhair nó na malairtí slí tráchta, a cuireadh i bhfeidhm le linn chuairteanna stáit Uachtarán na Stát Aontaithe Barack Obama agus Banríon Eilís II ón mBreatain Mhór i mí na Bealtaine.


Áiríodh le héachtaí eile Bhus Átha Cliath in 2011 an méadú i mbealaí le hurláir ísle inrochtana (a bhog an chuideachta níos gaire dá sprioc de chabhlach iomlán inrochtana faoi dheireadh 2012), rath leanúnach an Deimhnithe ar Inniúlacht Ghairmiúil, feabhsúcháin le seirbhísí tráchtála Airlink Bhus Átha Cliath agus an t-aitheantas idirnáisiúnta a fuair na seirbhísí turais tráchtála. Is gnéithe lárnacha de na forbairtí a rinneadh i mbliana iad sraith uasghráduithe seirbhíse le cabhlach Bhus Átha Cliath agus forfheidhmiú beart éifeachtúlachta fuinnimh. Tá sé d'aidhm ag Bus Átha Cliath cur leis an dul chun cinn a rinneadh in 2011 le linn 2012.

## Toradh Oibriúcháin 2011

Thabhaigh Bus Átha Cliath easnamh €18.2 milliún in 2011, i gcomparáid le heasnamh €22.1 milliún in 2010.

Bhí an timpeallacht gheilleagrach an-deacair arís i mbliana ach bhí éileamh custaiméara seasmhach agus ní raibh sé ach 1.7% níos ísle ná an bhliain roimhe. Bhí 117 milliún turas in 2011 i gcomparáid le 119 milliún in 2010. Shocraigh ioncam paisinéara ag €170.0 milliún i gcomparáid le €170.3 milliún in 2010 ach ní raibh an oiread céanna fógraíochta ann agus bhí na rátaí níos ísle agus dá bharr sin tháinig laghdú €2.8 milliún (26%) ar an ioncam a tuilleadh ó fhógraíocht ar bhusanna agus ar scáthláin bus. Sna coinníollacha margaidh ag an am, ba dheacair gearradh breise €2.7 milliún (3.6%) a fháil ar ais in íocaíochtaí Conradh Seirbhíse Poiblí (PSC) trí fhás ioncaim. Bhí ioncam ó ghníomhaíochtaí eile €0.6 milliún níos ísle. D'fhaomh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) meánardú táillí 3% a chuidigh le praghas ardaithe breosla agus costais oibriúcháin nua an Chórais Ticéadaithe Comhtháite (ITS) a ghlanadh. Cuireadh an t-ardú táillí i bhfeidhm do tháillí airgid an 7 Feabhra agus do tháillí réamhíoctha an 1 Bealtaine. Laghdaíodh ioncam iomlán, íocaíochtaí PSC san áireamh, €6.5 milliún.

D'oibrigh Bus Átha Cliath an-dian chun bearta a bhaineann le tionchar an chúlaithe eacnamaíochta a fhorfheidhmiú.




*Rinneadh go leor forbairtí i mBus Átha Cliath in 2011. Tháinig córas Rialaithe agus Uathláthair Feithicle (AVLC) i bhfeidhm go hiomlán i ngach iosta de chuid Bhus Átha Cliath in 2011.*

Tríd an dul chun cinn a baineadh amach i bhforfheidhmiú an tionscadail Gréasán Díreach in 2011, cuireadh luas leis na laghduithe costais. Laghdaíodh costais oibriúcháin €13.7 milliún ach bhí glanlaghdú bliain ar bhliain €10.7 milliún ann de bharr costais ardaithe breosla agus ITS. Ó 2008, gineadh ollchoigilteas costais €60 milliún thar gach réimse caiteachais sa chuideachta. Ar an drochuair, tá coigilteas creimthe de bharr ardú i gcostais, go príomha cánacha breosla, chun glanfheabhais €40 milliún.

Baineadh amach coigilteas párolla iomlán €6.6m le linn na bliana agus is ionann é seo agus timpeall €12 mhilliún i mbliain iomlán. Cothaíodh an coigilteas seo go príomha trí laghdú i gcomhaireamh cinn mar thoradh na seirbhísí gréasáin athbhreithnithe, amanna turais níos tapúla agus gnóthachtálaí éifeachtúlachta. Tháinig laghdú 217 (6%) ar an ngnáthlíon foirne a fostaíodh agus beidh laghdú 9% don bhliain ar fad ann do 2012. Ó 2008, laghdaíodh an gnáthlíon foirne a fostaíodh 480 agus beidh os cionn 600 (16%) i gceist in 2012. Le linn na tréimhse céanna, sábháladh €24 milliún i gcostais phárolla.

Mar aon le coigilteas i gcostais phárolla, baineadh amach laghduithe suntasacha chomh maith i dtáillí dímheasa agus i gcostas riaracháin agus seirbhísí tacaíochta. Baineadh os cionn 200 bus den chabhlach le blianta beaga anuas agus níor cuireadh aon bhus ina n-áit. Anuas air sin, tá an gnáthshaol atá ag busanna sínte ó 10 mbliana go 12 bhliain agus dá bhrí sin tá táille dímheasa laghdaithe ach maolaítear é seo de bheagán de bharr costais chothabhála agus athchóirithe ardaithe.

D'éirigh go maith leis na dianiarrachtaí chun costais a laghdú chun an laghdú in ioncam custaiméirí a sheach-chur le blianta beaga anuas agus tá deimhniú neamhspleách faighte ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ag an NTA gur oibreoir iompair éifeachtúil Bus Átha Cliath. Ach chuir laghduithe bliantúla le déanaí i bhfóirdheontais agus arduithe ar chánacha breosla le gearríocaíocht shuntasach as seirbhísí arna soláthar faoi Chonradh Seirbhísí Poiblí le gannchionn €19 milliún in 2011 i gcomparáid le gannchionn €22.7 milliún in 2010.

Ghlan easnaimh i ndiaidh a chéile bun caipitiúil na cuideachta agus b'ionann glansócmhainní ag deireadh 2010 agus €1.6 milliún. Bunaithe ar an easnamh do 2011, bheadh glansócmhainní diúltacha €16.5 milliún i gceist ag deireadh 2011. D'fhonn a bheith i staid le cloí le Rialacháin na gComhphobal Eorpaigh (Iompar Paisinéir Bóthair) 1991 go 1999 nuair a dhéanann an chuideachta iarratas ar athnuachan Ceadúnas Oibreora Iompair Paisinéir Bóthair, d'eisigh Bus Átha Cliath 30 milliún gnáthscair le CIÉ i Nollaig 2011. Mar thoradh air seo, b'ionann glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011 agus €21.5 milliún.

Cé go bhfuil staid na scaireanna ag láidriú, ní chuidíonn sé le clár comhardaithe Bhus Átha Cliath an brú ar acmhainní airgid Ghrúpa CIÉ a laghdú a tharlaíonn mar thoradh ar easnaimh oibriúcháin bhliantúla. Forbraíodh plean airgeadais cúig bliana agus cuireadh os comhair na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt é. Táthar ag súil go mbeidh an chuideachta i mbun trádáil bhrabúsach arís faoi 2014. Chun an plean a fhorfheidhmiú go rathúil, caithfear cur chuige ilbhliantúil a thógáil i leith: leanúint le laghduithe costas, táillí agus fóirdheontas, agus roinnt fáis bhig sa gheilleagar in 2014 agus 2015.

## Gréasán Díreach Bhus Átha Cliath

I rith 2011, lean Bus Átha Cliath ag déanamh dul chun cinn ar an Athbhreithniú Gréasáin Bealaigh faoin teideal Gréasán Díreach. Cé gur cuireadh tús le forfheidhmiú an tionscadail in 2010, ba é 2011 an chéad bhliain gur tugadh isteach formhór na n-athbhreithnithe. Is é tionscadal Gréasán Díreach toradh an athbhreithnithe is leithne ar ghréasán Bhus Átha Cliath i stair na cuideachta agus tá sé ag saothrú tairbhí suntasacha do chustaiméirí. Mar chuid de Ghréasán Díreach, rinne Bus Átha Cliath taighde agus anailís dhomhain ar phátrúin reatha taistil custaiméirí, taithí custaiméirí agus a n-ionchais maidir lena seirbhís bus. Rinneadh anailís mhion ar suas le milliún turas chun na hoibre, i ngach modh iompair, chun éilimh agus pátrúin taistil reatha a bhunú. Rinne Bus Átha Cliath anailís chomh maith ar a sonraí féin agus rinne siad measúnú ar bheagnach leathmhilliún gluaiseacht chustaiméara gach lá mar aon le hamanna turais ar fud na cathrach. Bunaíodh gach togra agus athbhreithniú seirbhíse ar an taighde chuimsitheach seo agus cloíonn siad le hAthbhreithniú Costais agus Éifeachtúlachta Bhus Átha Cliath 2009 a rinne Deloitte.

**Is é aidhm an tionscadail Gréasán Díreach na nithe seo a leanas a sheachadadh:**

- Ardú i líon na mbealaí ardmhinicíochta (idirachar 10 nóiméad nó níos fearr in amanna móréilimh);
- Ailínithe níos dírí ó/chuig príomháiteanna oibre/fóillíochta;
- Úsáid níos mó a bhaint as Mórlánaí Bus (QBC);
- Idirachair chothroma ó phointí fágála ar bhonn conaire;
- Níos lú athruithe bealaigh ionas go mbeidh sé níos éasca an gréasán a thuiscint;
- Gréasán nua de chuarsheirbhísí níos dírí;

- Méadú i mbealaí trasna na cathrach chun cómhalartú custaiméara a íoslaghdú; agus
- Naisc fheabhsaithe le modhanna iompair iarnróid agus Luas.

Sular cuireadh Gréasán Díreach i bhfeidhm i ngach réimse, thug Bus Átha Cliath faoi próiseas sainchomhairliúcháin phoiblí domhain, ina raibh custaiméirí in ann aiseolas a thabhairt maidir le tograí seirbhíse, trí ríomhphost, glaonna teileafón agus litreacha. Tugadh tacaíocht don phróiseas seo trí shraith imeachtaí áitiúla do chomhairliúchán poiblí ina raibh an pobal mór in ann bualadh le hionadaithe sinsearacha Bhus Átha Cliath agus caint leo faoi fhorbairtí ar sheirbhísí áitiúla bus. I gcásanna ina rabhthas in ann amhlaidh a dhéanamh, chuir Bus Átha Cliath an t-aiseolas san áireamh i dtograí seirbhíse a ndearnadh athbhreithniú orthu. Mar gheall ar mheascán de na gnéithe thuas, tá seirbhís bhus ceaptha ag Bus Átha Cliath a dhéanann freastal ar riachtanais a chustaiméirí atá ag athrú agus, dá bhrí sin, dílseacht a spreagadh ó chustaiméirí reatha agus custaiméirí nua a mhealladh chuig an tseirbhís.

In 2011, tugadh isteach athbhreithnithe faoi Ghréasán Díreach sna réimsí seo a leanas:

### Réimsí athbhreithnithe faoi Ghréasán Díreach

| | | |
|---|---|---|
| Baile an tSaoir | Cromghlinn | Bóthar Mhuirfean |
| Baile Formaid | Droim Conrach | Raghnallach |
| Beaumont | Dún Droma | Ráth Fearnáin |
| An Chabrach | Éadan Mór | Áth an Ghainimh |
| Cluain Dolcáin | Fionnghlas | Tamhlacht |
| Cluain Sceach | Teach na Giúise | Teach Mealóg |
| An Chúlóg | Glas Naíon | Tír an Iúir |
| | Bóthar Mhullach Íde | |

Cheap Bus Átha Cliath seirbhís a shásaíonn riachtanais a chustaiméirí atá i mbun athrú agus is follasach na torthaí sna samplaí a leanas de líon na bpaisinéirí faoi dheireadh na bliana 2011 feadh QBCanna agus bealaí a ndearnadh athbhreithniú orthu:

**QBC Bhaile Bhlainséir** – D'ardaigh an líon paisinéirí 4%

**QBC Stigh Lorgan** – D'ardaigh an líon paisinéirí 2%

**QBC Leamhcáin** – D'ardaigh an líon paisinéirí 4%

**Cuarbhealaí Thuaidh** – D'ardaigh an líon paisinéirí 15%

Cuireadh bunús na mórghnéithe den tionscadal Gréasán Díreach i bhfeidhm faoi Mheitheamh 2012.

## Dul chun cinn i bhFaisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI)

Tháinig córas Rialaithe agus Uathláthair Feithicle (AVLC) i bhfeidhm go hiomlán i ngach iosta de chuid Bhus Átha Cliath in 2011. Cinntíonn an clár, arna mhaoiniú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, intuarthacht agus rialú níos fearr ar sheirbhísí agus is é seo an bonneagar ina bhfeidhmíonn Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI). Cuirtear an teicneolaíocht AVLC i bhfeithiclí Bhus Átha Cliath agus cuireann sí sonraí ar ais chuig Lárionad Láraithe Rialaithe Bhus Átha Cliath, áit a ndéantar monatóireacht agus rialú ar sheirbhísí.

Mar gheall ar an dul chun cinn a rinne clár AVLC Bhus Átha Cliath, bhí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, thar ceann an NTA, in ann na chéad 10 scáileán taispeána RTPI ar an tsráid a sheoladh i mí Feabhra 2011. Faigheann na scáileáin seo sonraí AVLC agus baintear leas astu chun RTPI a thabhairt. Ba iad na 10 n-aonad seo na chéad cinn de 272 scáileán faisnéise san iomlán atá lonnaithe ar fud ghréasán Bhus Átha Cliath san am i láthair. Ligeann na scáileáin do na custaiméirí a dhéanamh amach cén t-am a thiocfaidh a mbus. Tá tuilleadh aonaid taispeána á n-úsáid le linn 2012 agus beartaítear go mbeidh 500 aonad RTPI ar fad lonnaithe ar fud ghréasán Bhus Átha Cliath.

I mí Iúil, sheol Bus Átha Cliath áis RTPI ar a suíomh gréasáin, www.dublinbus.ie, lena chinntiú go mbeidh sé níos éasca do na custaiméirí uile teacht ar RTPI. Ina theannta sin, sheol Bus Átha Cliath aip don iPhone. Bhíodh áis pleanála bealaí, cláir ama bealaí agus míreanna nuachta san aip seo a chéaduair, ach uasghrádaíodh í le gairid agus tá gnéithe úra uirthi anois dá bharr, lena n-áirítear áis RTPI. Féadfaidh úsáideoirí an iPhone fíor-am sroichte a mbus ag an 5,000 stad bus agus scáthlán de chuid ghréasán Bhus Átha Cliath a sheiceáil. Bhain an aip an duais an Aip is Fearr le haghaidh Taistil agus Turasóireachta, ag an dara hócáid de na dámhachtainí bliantúla, na Appy Awards. Tugtar aitheantas agus onóir sna dámhachtainí seo do na háiseanna is fearr i bhforbairt feidhmchlár le haghaidh fóin chliste, táibléad agus ardán na meán sóisialta. I mí na Nollag 2011, seoladh leagan Android den fheidhmchlár. Tá freagairt na gcustaiméirí don RTPI an-dearfach; fuarthas beagán de bhreis ar 700,000 iarratas le haghaidh RTPI gach seachtain ar an meán. Sa bhliain 2011 bronnadh duais, Tionscadal TF na Bliana (an Earnáil Phoiblí), ag na Dámhachtainí um Fheabhas sa TFC (*ICT Excellence Awards*) ar shuíomh gréasáin Bhus Átha

Cliath (www.dublinbus.ie). Tugtar aitheantas do rogha an Tionscail Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide in Éirinn sna dámhachtainí seo.

## Seoladh an Chárta Léime

I mí na Nollag 2011, sheol an tAire Stáit ag a bhfuil freagracht as Iompar Poiblí agus Comaitéara, i dteannta an NTA, an Cárta Léime go hoifigiúil. Is é an Cárta Léime an córas nua comhtháite ticéadaithe iompair faoi choinne Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tabharfar an Cárta Léime isteach lena mbainfidh sparán luach stóráilte (nó creidmheas taistil) a d'fhéadfaí a lódáil an athuair. Is é seo an chéad chéim den tionscadal. Seoladh é ag aon am amháin i gcomhair sheirbhísí Bhus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus Luas. Tugann an Cárta Léime lascainí do na custaiméirí i gcomparáid leis na gnáth-tháillí airgid. Sa chéad chéim eile den fhorbairt, cuirfear an córas chun feabhais de bharr uasteorannú le haghaidh táillí lae agus seachtaine, lacáistí aistritheacha (lascainí le haghaidh aistriú idir sheirbhísí), uatháiseanna breisithe creidmheasa agus cur i bhfeidhm an uile thicéad comaitéara réamhíoctha ar an gCárta Léime. Cuirfidh Bus Átha Cliath, i gcomhar lena sholáthróir córais ticéadaithe, agus oibreoirí eile iompair a gcórais ticéadaithe féin chun feabhais de réir a chéile d'fhonn tacú leis an méadú ar an réimse feidhmiúlachta i gcaitheamh na bliana 2012.

## Custaiméirí nua a Mhealladh agus a Choinneáil

Is é an tionscadal Gréasán Díreach an phríomhghníomhaíocht chun custaiméirí a choinneáil agus chun custaiméirí nua a mhealladh. Athróidh sé an gréasán agus cuideoidh forbairtí RTPI, comhairliúchán maidir le Gréasán Díreach agus cur i ngníomh agus cur chun cinn 'Ollbhealaí', in 2012 leis. Baineadh leas as meascán de na meáin áitiúla agus náisiúnta, dáileadh bileog i dtithe, dáileadh bileog ar bhusanna agus faisnéis ar shuíomh gréasáin Bhus Átha Cliath chun tacaíocht a thabhairt d'Fheachtas Faisnéise agus Cur Chun Cinn don tionscadal Gréasán Díreach. Seoladh RTPI i mí Mheán Fómhair 2011 ar líne, trí SMS agus trí aipeanna iPhone agus Android saor in aisce. Reáchtáladh feachtas margaíochta lán-chomhtháite i gcomhar le seoladh RTPI, lenar áiríodh gníomhaíochtaí preasa, gníomhaíochtaí ar bhusanna agus gníomhaíochtaí ar líne.

Reáchtáladh meascán d'fheachtais fógraíochta i rith na bliana 2011, lenar áiríodh na cinn seo a leanas:

- Luach-fheachtais chun na tairbhí a ghabhann le taxsaver.ie agus le ticéid réamhíoctha a chur chun cinn;
- Breisluach agus comh-chur chun cinn – reáchtáladh feachtas Bhus Átha Cliath, 'Déardaoin na dTicéad', ina dtugtar lascainí do shealbhóirí ticéad réamhíoctha in ionaid agus in asraonta rannpháirteacha i lár na cathrach, in 2011 arís; agus
- Cur chun cinn Bealaí Áirithe – rinneadh mórfheabhsúcháin seirbhíse ar phríomhbhealaí ar fud na cathrach mar chuid de Ghréasán Díreach. Cuid mhór den straitéis earcaíochta don chéad leath den bhliain 2011 ba ea na bealaí seo a 'dhíol' le neamh-úsáideoirí, agus gnéithe ceangail agus minicíochta na mbealaí seo a chur chun feabhais. Chuir Bus Átha Cliath tús le feachtais ar bhealaí áirithe lenar áiríodh bealaí a ndearnadh athbhreithniú orthu, na cinn seo a leanas ina measc: 9, 14, 39a, 46a agus 145.

## Seoladh Mheáin Shóisialta Bhus Átha Cliath agus an Tábhacht a Bhaineann leis

I Márta agus in Aibreán 2011, sheol Bus Átha Cliath a chuntais oifigiúla ar Facebook agus ar Twitter (DublinBusNews) chun faisnéis seirbhíse agus faisnéis faoi Ghréasán Díreach a chur ar fáil, agus chun na promóisin agus na seoltaí is déanaí de chuid Bhus Átha Cliath a fhógairt i measc an phobail. Is uirlis ríthábhachtach iad na meáin shóisialta chun cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí agus, de thoradh an fháis atá ag teacht ar líon na ndaoine a bhfuil fóin chliste acu, is dóigh éifeachtach iad le faisnéis a scaipeadh ar an toirt. Bhí ról fíorthábhachtach ag na huirlisí seo i dtaca le teacht Bhanríon na Breataine Móire, Eilís II, agus Uachtarán Mheiriceá, Barrack Obama, chun na tíre i mí na Bealtaine 2011, cionn is go raibh atreorú forásach tráchta i gCathair Bhaile Átha Cliath i gcaitheamh na gcuairteanna ardiomrá seo. Cuireadh cuid mhór de sheirbhísí Bhus Átha Cliath ar mhalairt slí, ach a bhuíochas lena chuntais ar na meáin shóisialta, bhí an chuideachta in ann an scéal is déanaí a thabhairt dá chustaiméirí faoi na forbairtí seirbhíse uile. Cuireadh a thábhachtaí atá na meáin shóisialta in iúl freisin i rith na tuile a bhuail Baile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair nuair a cuireadh an dúrud seirbhísí ar mhalairt slí de thoradh an fhuarlaigh.

## Drochaimsir 2011

Thit báisteach mhíosa in aon oíche amháin i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh isteach go mór ar chúrsaí tráchta de thairbhe na tuile ollmhóire seo. Lean Bus Átha Cliath ag soláthar seirbhíse dá chustaiméirí. D'éirigh stopanna seirbhíse i gcás Luas agus DART agus, dá bhrí sin, ba é Bus Átha Cliath an t-aon soláthróir

iompair phoiblí a bhí mbun feidhme i mórán áiteanna i mBaile Átha Cliath. Siocair go raibh Bus Átha Cliath i mbun feidhme le linn an dúgheimhridh go mall in 2010, bhí plean gníomhaíochta teagmhasach i bhfeidhm aige cheana féin le dul i ngleic leis an bhféidearthacht go dtiocfadh an chrua-aimsir ar ais.

Bhí an Lárionad Láraithe Rialaithe Oibríochtaí de chuid Bhus Átha Cliath sa Chloch Leathan ina mbunáit rialaithe i rith na drochaimsire. Toisc go raibh scáileáin CCTV do Bhainistíocht Tráchta sa Lárionad Rialaithe Oibríochtaí agus go raibh Príomhchigirí i mbun oibre ar fud an ghréasáin, bhí Bus Átha Cliath in ann caighdeán na mbóithre a oibriú amach. Bunaithe ar an méid seo uile, thug Bus Átha Cliath sraith ciorrúcháin agus malairtí bealaigh isteach lena chinntiú go mbeadh na custaiméirí ábalta a gceann scríbe a bhaint amach i mbunús na gcásanna. Bhíothas ábalta na ticéid don DART, do sheirbhísí iarnróid bruachbhailteacha agus don Luas a úsáid le haghaidh sheirbhísí Bus Átha Cliath a chinntigh go raibh na comaitéirí uile in ann an baile agus an t-ionad oibre a bhaint amach. Tugadh an scéal ba dhéanaí do na custaiméirí faoi fhorbairtí seirbhíse ar an suíomh gréasáin, ar leathanaigh na meán sóisialta agus trí línte gutháin faisnéise. Bhí siad seo uile ar fáil ar feadh ní ba mhó uaireanta i gcaitheamh na doininne. Tugadh faisnéis do na meáin uile ar bhonn rialta faoi na forbairtí seirbhíse. Tugadh an scéal ba dhéanaí do na custaiméirí faoi na forbairtí seirbhíse uile a bhuíochas leis na cleachtais thuas.

Cuireadh seirbhísí DART idir Duga na Canálach Móire agus Paráid Sydney ar ceal idir an 27 Deireadh Fómhair agus an 8 Samhain chun damáiste na tuile a dheisiú. Bhí Bus Átha Cliath sásta glacadh le ticéid iarnróid na gcustaiméirí a bhí ag taisteal ó dheas ó stáisiún Dhuga na Canálach Móire. Chuir Bus Átha Cliath seirbhís tointeála ar fáil idir Stáisiúin Bhaile an Bhóthair agus Stáisiún na bPiarsach ón 3 Samhain. Bhí na seirbhísí iarnróid uile i mbun feidhme arís an 8 Samhain.

## Conradh Seirbhíse Poiblí – Baineann Bus Átha Cliath a Spriocanna Amach mar is Gnách

Síníodh an Conradh Seirbhíse Poiblí idir an NTA agus Bus Átha Cliath i mí na Nollag 2009. Leagtar amach sa chonradh an gréasán agus raon na seirbhísí atá le soláthar ag Bus Átha Cliath, na leibhéil feidhmíochta atá le baint amach faoin gconradh seirbhíse poiblí agus an cúiteamh atá le híoc ag an NTA le haghaidh sholáthar na seirbhísí seo. Tuairiscíonn Bus Átha Cliath chuig an NTA gach trí mhí i ndáil le bearta feidhmíochta agus, go ginearálta, éiríonn go maith le Bus Átha Cliath. Éilíonn an NTA go ndéanfaí iniúchadh neamhspleách ar íocaíochtaí a dhéanann sé faoin gConradh Seirbhíse Poiblí lena dhearbhú gur shásaigh Bus Átha Cliath na riachtanais ar conradh. Ba é €73.0 milliún méid iomlán na n-íocaíochtaí seo in 2011, i gcomparáid le €75.7 milliún in 2010. Rinne iniúchadh ar an gConradh Seirbhíse Poiblí don bhliain 2010 go neamhspleách thar ceann an NTA in 2011. Ba é tuairim na n-iniúchóirí gur shásaigh nó gur sháraigh Bus Átha Cliath an caighdeán feidhmíochta a shonraítear sa chonradh le haghaidh seirbhísí PSO. Luaigh na hiniúchóirí gur tháinig costais Bhus Átha Cliath leo siúd a bhíonn ag oibreoir iompair phoiblí 'faoi stiúir mhaith' agus thug siad faoi deara go raibh easnamh €22.7 milliún in íocaíochtaí an NTA le Bus Átha Cliath as an gcostas a bhain le seirbhísí PSO sa bhliain 2010.

## An Tábhacht a bhaineann le hIonad Oibre Sábháilte

Tá Bord Bhus Átha Cliath agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin tiomanta do chosaint shábháilteacht, shláinte agus leas na bhfostaithe, na gcustaiméirí agus na ndaoine a ndéanann ár ngníomhaíochtaí difear dóibh, ar nós úsáideoirí eile bóithre, cuairteoirí chuig ár n-áitribh nó conraitheoirí a bhíonn ar fostú ag an gcuideachta.

Tugann córas bainistíochta sábháilteachta na cuideachta creatlach mhionsonraithe faoi choinne bhainistiú na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a ghabhann le hoibríochtaí na cuideachta. Is fíorthábhachtach an tsábháilteacht i ndáil le freagrachtaí na mbainisteoirí sinsearacha, na mbainisteoirí idirmheánacha agus na maoirseoirí. Caithfidh siadsan a chinntiú go bhfuil lántuiscint ag a bhfostaithe ar na riachtanais agus go gcomhlánaíonn siad iad.

Cé go bhfuil an ceanglas chun dóthain oiliúna agus treorach a sholáthar cumhdaithe i gceanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, tuigeann Bus Átha Cliath i rith an ama a thábhachtaí atá sé buncheanglais a shárú trí mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais inniúlachta a fhostaithe. Léirítear é seo ina chlár oiliúna pleanáilte a áiríonn oiliúint neamhreachtúil ar leith agus faisnéisiú cumarsáide rialta intí a bhaineann le faisnéis atá ríthábhachtach i dtaobh sábháilteachta. Is modh éifeachtach í an oiliúint leanúnach sa Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) trínar féidir faisnéis eile a bhaineann le sábháilteacht a sheachadadh. Chuir an chuideachta infheistíocht i gcóras

nua measúnachta agus oiliúna tiománaithe ar na mallaibh. Cuirtear oiliúint ar fáil sa chóras seo trí mheasúnú físeán agus trí sheisiúin aiseolais duine le duine ina dhiaidh sin.

Maidir le timpistí, bhí laghdú mór ar ráta na dtimpistí imbhuailte agus na dtimpistí custaiméara in 2011. Tháinig laghdú 13.5% agus 6% faoi seach orthu i gcomparáid le 2010. Táthar ag súil leis go mbeidh feidhmiú céimneach na hoiliúna tiománaithe don uile thiománaí go luath in 2012 ina láimh chúnta chun tuilleadh laghduithe a chur i bhfeidhm sna réimsí seo. In éineacht leis an tionscnamh nua oiliúna seo, chuir an chuideachta athbhreithniú ar Lámhleabhar Bhus Átha Cliath maidir le Sábháilteacht Tiománaithe i gcrích go mall sa bhliain 2011. Tabharfar cóip den leabhrán seo do gach tiománaí mar chuid den oiliúint sceidealaithe go luath sa bhliain 2012.

## Inrochtaineacht Chabhlaigh – Seirbhís bhus do chách

Lean Bus Átha Cliath ar aghaidh ag díriú ar fheabhsú inrochtaineacht na seirbhísí do chustaiméirí in 2011. Cuireadh cabhlach urláir ísil atá oiriúnach do chathaoir rothaí ar fáil i gcomhair ceithre bhealach bhreise in 2011. Mar sin de, tá 92% de chabhlach Bhus Átha Cliath inrochtana agus is cinnte nach mór go mbeidh cabhlach iomlán inrochtana aige faoi dheireadh na bliana 2012. Tá méadú ag teacht ar an liostáil i Scéim Cúnaimh Taistil na cuideachta i rith an ama. Bhí níos mó ná ceithre oiread na ndaoine ar an scéim in 2011 ná mar a bhí in 2007, an bhliain inar tugadh an scéim isteach. Ceapadh an tionscnamh chun comhairle faoi úsáid a bhaint as seirbhísí iompair phoiblí a thabhairt do chustaiméirí a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe, lagú céadfach agus míchumas foghlama ag gabháil dóibh. A bhuíochas le cúnamh ó chúntóir taistil lánaimseartha de chuid Bhus Átha Cliath, ceapann na custaiméirí sainphlean taistil a oireann dá gcuid riachtanas, rud atá ina mbunús le taisteal neamhspleách. Tig le custaiméirí tuilleadh faisnéise a fháil faoi Chúnamh Taistil ach dul i dteagmháil le hOifigeach Inrochtaineachta Bhus Átha Cliath tríd an nguthán ag (01) 7033204 nó trí ríomhphost ag travelassist@dublinbus.ie.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) – Ár Saothar sa Phobal

Tugann Bus Átha Cliath faoi shraith tionscnamh um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) chun é féin a dhaingniú níos mó sa phobal ar a ndéanann sé freastal i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Ba é Clár Tacaíochta Pobail (CSP) Bhus Átha Cliath 2011 an t-imeacht ba mhó agus ba rathúla i stair an chláir. Is é 2011 an t-ochtú bliain den CSP. Bunaíodh an CSP chun cúnamh a thabhairt do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, nach dtugtar aitheantas dá saothar de ghnáth, ach amháin i measc na ndaoine a fhaigheann an cúnamh. Go dtí seo, bhain de bhreis ar 1,300 eagraíocht dheonach agus carthanas ó phobail i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath tairbhe as an maoiniú a fuarthas ón gclár seo. Maoinítear costas an chláir trí shóinseáil na bpaisinéirí nach n-éilítear san fhadtéarma.

Gníomhaíocht eile CSR is ea Comórtas Ealaíne na bPáistí. Comórtas bliantúil ealaíne agus filíochta é seo a bhfuil mar aidhm aige meas ar an iompar poiblí a spreagadh i measc ár gcustaiméirí atá níos óige. Cuirtear roinnt de na hiontrálacha a bhuaigh san áireamh i bhféilire Bhus Átha Cliath. Tá móréileamh air seo i measc custaiméirí níos sine agus na gcustaiméirí óga araon. Seoladh an clár sa bhliain 2001 agus tá sé thar a bheith éifeachtach maidir le dul i ngleic le hiompraíocht fhrithshóisialta ar bhusanna agus le meas ar an iompar poiblí a chur chun cinn.

D'eascair an tionscadal Ciceanna Pionóis Niall Quinn as Comórtas Ealaíne na bPáistí. Seoladh é seo sa bhliain 2003 agus tugann an t-iarpheileadóir le Poblacht na hÉireann cóitseáil do pháistí sa tionscnamh faoi leith seo. Bhí comórtas na bliana seo ar siúl in Ionad Pobail an Phoirt Thoir i mí an Mheithimh.

## Seirbhís Tointeála d'Imeachtaí Féile

Bhí dhá imeacht ceoil ardiomrá ar siúl i samhradh na bliana 2011 – ceolchoirm Bhaile Shláine agus Oxegen. Sa dá chás, chuir Bus Átha Cliath seirbhís shainithe tointeála ar fáil chun leantóirí ceoil a thabhairt chuig na himeachtaí agus ar ais uathu arís. I gcás cheolchoirm Bhaile Shláine, chuir Bus Átha Cliath 200 bus dhá stór ar fáil agus, i gcomhar leis na Gardaí, le Comhairle Contae na Mí agus leis an lucht eagrúcháin, chuir sé nósanna imeachta feabhsaithe i bhfeidhm i dtaca le páirceáil agus le teacht den bhus. Bhí an-rath go deo faoi seo. Maidir le féile cheoil Oxegen a bhí ar siúl idir an 8 agus an 10 Iúil, reáchtáil Bus Átha Cliath seirbhís tointeála chuig an imeacht i mBaile Phoinse. Idir an 30 Meitheamh agus an 3 Iúil, bhí Féile na Long Ard ar siúl i bPort Láirge agus chuir Bus Átha Cliath seirbhís tointeála Páirceála agus Taistil ar fáil ag an imeacht. Ar an iomlán cuireadh 40 bus chuig Port Láirge le linn na féile.

## Forbairtí i Seirbhísí Tráchtála

I Meitheamh 2011, sheol Bus Átha Cliath seirbhís fheabhsaithe Airlink, a bhaineann úsáid as Tollán

an Chalafoirt sa dá treo lena chinntiú go mbeidh na custaiméirí in ann Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhaint amach níos tapa. Tá níos mó óstán, tithe aíochta, ceantair turasóireachta agus ceantair gnó san áireamh feadh an bhealaigh nua i gcomhair sheirbhís Airlink. Athdhearadh an fhaisnéis faoi Airlink ar an tsráid chomh maith chun go seasfaí sí amach agus go mbeadh sí ní b'fhusa le haithint. I mí Feabhra 2011, ainmníodh an turas Hop on-Hop off de chuid Bhus Átha Cliath mar an turas is fearr ar hostelworld.com, bunaithe ar léirmheasanna na gcustaiméirí ar an suíomh gréasáin in 2010. Is é hostelworld.com an príomh-shuíomh gréasáin ar domhan chun brúnna a chur in áirithe. I mí na Bealtaine 2011, bronnadh Deimhniú Feabhais 2011 ar an Ghostbus Tour ón suíomh gréasáin Trip Advisor, an príomhshuíomh taistil ar domhan, as sár-rátálacha a fháil go leanúnach óna bhaill.

## Clár Athchóirithe Cabhlaigh 2011

Sa bhliain 2011, chuir Bus Átha Cliath tús le sraith feabhsúcháin seirbhíse ar na feithiclí atá ann faoi láthair agus leanfar ar aghaidh leis seo in 2012. Fuarthas maoiniú ón NTA faoi choinne na bhfeabhsúchán. Cuirfidh siad sábháilteacht agus iontaofacht na bhfeithiclí chun feabhais ionas go mbeidh na custaiméirí níos sásta leo. Rinneadh na feabhsúcháin ar ghnéithe cabhailoibre, meicniúla agus leictreacha dár bhfeithiclí atá níos sine.

## Léargas Ginearálta ar Úsáid Fuinnimh in 2011

D'fheidhmigh Bus Átha Cliath cabhlach 960 bus a chlúdaigh 60,086,140 ciliméadar in 2011. Ba é an príomhídiú fuinnimh an úsáid breosla a bhaineann le feidhmiú an chabhlaigh busanna. Úsáideadh 30,058,317 lítear breosla díosail in 2011. Áirítear leis na príomhfhoinsí eile d'ídiú fuinnimh ár seacht ngaráiste cothabhála agus an úsáid gáis agus leictreachais a bhaineann leo. Sa mhullach air sin, tá roinnt oifigí againn lena n-áirítear Ceannoifig, an Roinn Soláthair sa Chloch Leathan agus Ceaintín na bhFostaithe i bPlás an Iarla. Is éard atá i gceist leis an miondealú ar úsáid fuinnimh ná úsáid breosla ár gcabhlaigh (95.3% den ídiú), úsáid leictreachais inár dteaghais (2% den ídiú) agus ídiú gás inár dteaghais (2.7% den ídiú). Baineann suas le 70% den úsáid leictreachais sna garáistí cothabhála le soilsiú sna foirgnimh agus sna láithreacha clóis seachtracha. Baineann ídiú gáis go príomha le téamh na n-áitreabh. Baineann formhór an ídithe fuinnimh sna hoifigí le soilsiú, trealamh oifige agus aonaid aerchóirithe.

In 2011, d'ídigh Bus Átha Cliath 320,876 MWh fuinnimh, ina raibh:

- 305,663 MWh díosail chun an cabhlach busanna a rith;
- 6,422 MWh leictreachais; agus
- 8,791 MWh gáis nádúrtha.

### Gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu in 2011:

In 2011, thug Bus Átha Cliath faoi réimse tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lenar áiríodh:

- Chlúdaigh ár gcabhlach 1.7 milliún ciliméadar níos lú in 2011 de dheasca chuíchóiriú an chabhlaigh tríd an tionscadal Gréasán Díreach. Laghdú 2.7% é seo ar an líon ciliméadar a clúdaíodh in 2010;
- Soilse atá tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil i gcomhair clóis pháirceála agus ceardlanna áise cothabhála;
- Caidéil bhreosla a ionadú le mótair ardéifeachtúlachta;
- Méadair bhíge gháis a shuiteáil agus a nascadh leis an gcóras BMS mar chuid de mhonatóireacht leanúnach ar ídiú gáis sna háiseanna cothabhála;
- Feasacht ar chúrsaí fuinnimh i measc na mball foirne;
- Leanadh le monatóireacht fuinnimh ag gach áitreabh;
- Rannpháirtíocht sa triailchlár um monatóireacht fuinnimh san earnáil phoiblí de chuid SEAI;
- Mionathrú ar an luas réchasta sa chabhlach reatha d'fhonn ídiú breosla a laghdú; agus
- Modúl oiliúna san éicithiomáint mar chuid den chlár CPC do thiománaithe.

I dteannta a chéile, tá na bearta seo agus bearta coigilte fuinnimh eile ag coigilt 15,703 MWh in aghaidh na bliana.

### Gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2012:

Tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath in 2012 feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

- Trialacha a thionscnamh maidir le héicithiomáint cabhlaigh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht ar bord;
- Caidéil uisce a uasghrádú agus a ionadú le mótair atá tíosach ar fhuinneamh;
- Triail a bhaint as soilsiú malartach atá tíosach ar fhuinneamh i gcomhair claiseanna agus oifigí ceardlainne;
- Feithiclí nua a cheannach ina gcuirfear innill chaighdeánacha Euro 5; agus
- Tuilleadh deiseanna coigilte fuinnimh a shainaithint trí na foirne áitiúla bainistíochta fuinnimh.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

## Bord Stiúrthóirí

**Stiúrthóirí amhail an 24 Deireadh Fómhair 2012**

An tUasal K. Bonner, Cathaoirleach

G. Joyce, Uas.

An tUasal B. McCamley

An tUasal W. McDermott

M. McGennis, Uas.

U. McGrath, Uas.

## Príomhfheidhmeannach

An tUasal P. Doherty

## Rúnaí

An tUasal R. O'Farrell

## Oifig Chláraithe

59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Teileafón: +353 1 872 0000
Facs: +353 1 873 1195
Suíomh gréasáin: www.dublinbus.ie
Uimhir Chláraithe: 119569

## Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers
Cuideachta Cuntasóirí Cairte
agus Iniúchta Reachtúil
Aon Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1




*Sa bhliain 2011, chuir Bus Átha Cliath tús le sraith feabhsúcháin seirbhíse ar na feithiclí atá ann faoi láthair agus leanfar ar aghaidh leis seo in 2012.*

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is é príomhghníomhaíocht na cuideachta soláthar seirbhís bhus chuimsitheach a chur ar fáil i gcathair Bhaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird.

In 2011, d'iompar an chuideachta 117 milliún custaiméir, laghdú 1.7% ó 2010. B'ionann an t-ioncam iomlán agus €178.3 milliún in 2011 i gcomparáid le €182.2 milliún an bhliain roimhe sin. Le linn na bliana 2011, cuireadh cuid mhór den tionscadal Gréasán Díreach, a bhaineann le hathdhearadh seirbhísí le héileamh custaiméara a shásamh agus le hamchláir sheirbhíse a mhionathrú le go mbeidh siad de réir feabhsúcháin am reatha agus bearta tosaíochta bus, i gcrích. I gcomhar le páirtithe leasmhara agus trí mheascán de mhéadú ar an ioncam agus de laghduithe breise ar na mórchostais oibriúcháin, déanfaidh Bus Átha Cliath a sheacht ndícheall leis an oiread caillteanas oibriúcháin atá á dtabhú a laghdú agus le cuideachta brabúsachta a dhéanamh den chuideachta sna trí bliana amach romhainn.

## Torthaí agus Cúlchistí

Leagtar amach go mion na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 ar leathanaigh 22 go 38. Léiríonn na torthaí don bhliain 2011 easnamh €18,150,000 (2010: €22,059,000).

## Rioscaí Bunairgid

Tá an chuideachta tiomanta do bhainistiú riosca ar bhealach córasach agus smachtaithe. Sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na cuideachta trí phróiseas bainistíochta riosca ar fud na cuideachta. Coinnítear clár rioscaí agus nuashonraítear go ráithiúil é agus áirítear ann pleananna gníomhaíochta le dul i ngleic leis na rioscaí a shainaithnítear. Tugann Córas Iompair Éireann (CIÉ), thar ceann Bhus Átha Cliath, faoi réamhcheannach breosla agus airgeadra sa chás go measann sé go bhfuil luach ann agus riosca laghdaithe don chuideachta.

## Infheistíocht Chaipitiúil

Le linn 2011, níor cuireadh infheistíocht sa chabhlach ach i roinnt cláir athchóirithe siocair gur leanadh de laghdú méide an chabhlaigh de réir sceideal ní b'éifeachtúla, de rith ní ba thapa agus de laghduithe ar an éileamh. Leanadh den infheistíocht i bhfeabhsú seirbhísí a bhuíochas le cúnamh an Údaráis Náisiúnta Iompair sna réimsí a leanas:

- €3.5 milliún ar athchóiriú busanna;
- €1.5 milliún ar fhorbairt leantach ar an gcóras Rialaithe agus Uathláthair Feithicle (AVLC);
- €0.9 milliún ar theaghais, ar chórais TF agus ar threalamh;
- €0.8 milliún ar bhonneagar gréasáin;
- €0.7 milliún ar chórais ticéadaithe; agus
- €0.3 milliún ar shoilsiú atá tíosach ar fhuinneamh.

## Forbairt Fostaithe

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do chinntiú go sainaithnítear agus go bhforbraítear na scileanna agus an t-eolas riachtanach ionas go mbíonn an deis ag gach fostaí forbairt agus obair dhearfach a dhéanamh.

Rinneadh forbairt ar chreatlach inniúlachta ionas go sainaithneofar na saghsanna iompair, na scileanna agus na cineálacha cumais atá riachtanach le haghaidh fheidhmiú rathúil róil éagsúla na bhfostaithe le go mbeidh siad ábalta seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil de réir na gcaighdeán riachtanach.

Cuirtear cláir oiliúna ar fáil in Ionad Oiliúna Bhus Átha Cliath lena chinntiú go gcuirtear an oiliúint is fearr agus is féidir ar na tiománaithe bus ionas go mbeidh siad in ann seirbhís shábháilte éifeachtúil iontaofa bhus a thabhairt dár gcustaiméirí. Glacann gach tiománaí bus páirt i lá oiliúna amháin sa bhliain le cáiliú don Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) de réir Threoir 2003/59/CE ón AE agus fhormheas an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. I mí Feabhra 2011, bronnadh an Gradam um Fhorbairt HR le haghaidh nuálaíochta agus sármhaitheasa ar Bhus Átha Cliath ag Dámhachtainí Lóistíochta agus Iompair na hÉireann (ILTAnna) as inniúlacht chultúrtha agus feasacht ar oiliúint mhíchumais a sheachadadh. Cuireadh na modúil seo san áireamh in oiliúint CPC i gcomhair thiománaithe Bhus Átha Cliath. Chomh maith le CPC, cuirtear clár nua forbartha inniúlachta maidir le scileanna tiomána ar fáil don uile thiománaí. Baintear leas as córas oiliúna físeán (VigilVanguard) sa chlár seo le foghlaim mhachnamhach agus le hathrú iompraíochta a éascú. Bronnadh an duais Gradam Sábháilteachta 2012 na hInstitiúide Cairte Lóistíochta agus Iompair ar an gclár

oiliúna as a chur chuige nuálach i leith oiliúint scileanna tiomána.

Leanadh le clár forbartha bainistíochta in 2011 agus ghlac roinnt bainisteoirí agus baill foirne riaracháin páirt i staidéir tríú leibhéal. Leanadh le hoiliúint eile atá sonrach do róil le haghaidh baill foirne cothabhála, maoirseachta agus riaracháin.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta do chloí le forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2006 agus le gach rialachán eile náisiúnta agus ón AE. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an Ráiteas Sábháilteachta ar ghlac an chuideachta leis i bhFeabhra 1991.

## Comhionannas and Éagsúlacht

Cuireann an Straitéis Comhionannais and Éagsúlachta ar chumas Bhus Átha Cliath:

- Timpeallacht oibre níos éifeachtúla agus níos críochnúla a chruthú don fhoireann;
- Freastal ar riachtanais athraitheacha na gcustaiméirí; agus
- Ceangal níos treise a dhéanamh leis an bpobal go léir a ndéantar freastal air.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh dá chustaiméirí ar fad agus d'ionad oibre cóir cuimsitheach a chruthú ina bhfuil meas ar dhaoine agus inar féidir le daoine oibriú a fheabhas agus is féidir leo.

Tá plean gníomhaíochta forbartha ag an gcuideachta a chlúdaíonn prionsabail chomhionannais agus chuimsithe agus léiríonn sé seo an éagsúlacht atá ina fhórsa saothair. Roghnaíodh Straitéis Comhionannais and Éagsúlachta na cuideachta le cur san áireamh in Achomaireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Dhea-Chleachtas in Éagsúlacht.

Leanann Bus Átha Cliath ar aghaidh ag comhoibriú leis an Údarás Comhionannais agus le Comhairle um Inimircigh na hÉireann i dtaca le roinnt tionscnamh a chuireann comhionannas agus éagsúlacht chun cinn.

## Cleachtais Íocaíochta

Tuigeann Bus Átha Cliath a fhreagracht maidir lena chinntí go gcomhlíontar, i ngach ngné ábhartha, forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach) 2002. Is é beartas íocaíochta na cuideachta cloí le ceanglais an Rialacháin.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a thóg na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí oibleagáidí na cuideachta chun leabhair chuntas iomchuí a choimeád ná córais agus nósanna imeachta feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntas ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Tugtar sonraí de na beartais agus nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis fhoilsiú an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i gcuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011 nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Seachas nuair a luaitear é, bhí siad ina stiúrthóirí don bhliain ar fad.

An tUasal K. Bonner, Cathaoirleach (Ceaptha an 29 Meitheamh 2011)
G. Joyce, Uas. (Ceaptha an 30 Iúil 2012)
N. Maher, Uas. (Ar scor an 1 Meitheamh 2012)
An tUasal B. McCamley
An tUasal W. McDermott
M. McGennis, Uas.(Ceaptha an 8 Márta 2011)
U. McGrath, Uas.
M. Mooney, Uas. (Ar scor an 17 Bealtaine 2012)
An tUasal A. O'Byrne (Ar scor an 31 Bealtaine 2012)
G. Tuke, Uas. (Ar scor an 1 Meitheamh 2012)
An Dr J.J. Lynch (Athcheaptha an 29 Márta 2011 agus imithe ar scor an 28 Meitheamh 2011.)

Ní raibh aon suim in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, a cuideachta sealbhaíochta ná a fochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon am le linn na bliana.

Ní dheachthas i mbun aon chonarthaí ná socruithe i rith na bliana i ndáil le gnó an Ghrúpa ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir.

## Tinreamh ag cruinnithe Boird/Comhairle

Seo thíos liosta de thinreamh stiúrthóirí an Bhoird ag cruinnithe Boird/Coiste le linn na bliana 2011.

| Bord/Coiste Bhus Átha Cliath Tuairisc Tinrimh 2011 | | |
|---|---|---|
| **Stiúrthóir** | **Bord Bhus Átha Cliath** | **Coiste** |
| An tUasal K. Bonner | 5/5 | |
| N. Maher, Uas. | 7/10 | 4/4 |
| An tUasal B. McCamley | 9/10 | 3/4 |
| An tUasal W. McDermott | 10/10 | |
| M. McGennis, Uas. | 6/8 | |
| U. McGrath, Uas. | 8/10 | 4/4 |
| M. Mooney, Uas. | 10/10 | |
| An tUasal A. O'Byrne | 10/10 | |
| G. Tuke, Uas. | 7/10 | |
| An Dr J.J. Lynch | 5/5 | |

*Tabhair faoi deara: Athraíodh na dátaí le haghaidh chruinnithe mhí Lúnasa agus mhí na Samhna an 26 Iúil 2011 trí fhógra do na stiúrthóirí an lá sin.*

## Gnóthas Leantach

Tá an Bord Stiúrthóirí sásta go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad, in ainneoin go bhfuil roinnt neamhchinnteachtaí ann. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas. Nóta 1: Déanann "Gnóthas Leantach" aghaidh a thabhairt ar na neamhchinnteachtaí sin agus conclúidí na stiúrthóirí i ndáil leis an ngnóthas leantach a achoimriú.


## Iniúchóirí

Tá sé léirithe ag na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, gur mian leo leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

**An tUasal K. Bonner** Cathaoirleach
**G. Joyce, Uas.** Stiúrthóir

An 24 Deireadh Fómhair 2012





*Is uirlis ríthábhachtach iad na meáin shóisialta chun cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí agus, de thoradh an fháis atá ag teacht ar líon na ndaoine a bhfuil fóin chliste acu, is dóigh éifeachtach iad le faisnéis a scaipeadh ar an toirt.*

# Bord Stiúrthóirí



## Kevin Bonner, Cathaoirleach

Ceapadh Kevin Bonner ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath agus ar Bhord CIÉ i mí an Mheithimh 2011. Is iar-Ard-Rúnaí de chuid na Roinne Fiontar agus Fostaíochta é Kevin.



## Gary Joyce

Ceapadh Gary Joyce ar an mBord i mí Iúil 2012. Tá Gary ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Genesis, ar comhairleacht forbartha agus margaíochta straitéisí é. Tá cuid mhór taithí neamhfheidhmiúcháin aici – bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Bhanc ACC agus bhíodh sí ina comhalta de roinnt bord san earnáil phríobháideach, roinnt boird neamhbhrabúsacha agus roinnt boird stáit. I láthair na huaire, is comhalta í d'Údarás Rialúcháin Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá sí ar bhord Fhéile Ealaíon na Gaillimhe freisin.



## Nuala Maher

Ceapadh Nuala ar an mBord i mí an Mheithimh 2009. D'oibrigh Nuala i mBaincéireacht Idirnáisiúnta le haghaidh fiche bliain ach tá taithí aici le déanaí in Acmhainní Daonna, le suim ar leith i gCumarsáid Fostaí. D'oibrigh sí le lear mór cuideachtaí, sna hearnálacha príobháideacha agus stáit, ag tabhairt comhairle i dtaca le rannpháirtíocht fostaithe agus cleachtas cumarsáide. Tá MSc in Iompraíocht Eagraíochta aici ó Choláiste na Tríonóide. Chuaigh Nuala ar scor an 1 Meitheamh 2012.



## Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley ar an mBord a chéaduair i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Bill ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de SIPTU agus rinne sé ionadaíocht d'oibrithe bus ag leibhéal áitiúil agus brainse leis na blianta.



## Willie McDermott

Ceapadh Willie McDermott ar an mBord i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Willie ag oibriú le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU agus déanann sé ionadaíocht d'oibrithe bus.



## Marian McGennis

Ceapadh Marian McGennis ar an mBord i mí an Mhárta 2011. Ba T.D. í Marian do Bhaile Átha Cliath Láir agus is iarbhall de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, de Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus de Chomhairle Contae Fhine Gall í. Mar bhall den Oireachtas, bhí sí ina hurlabhraí don fhreasúra ar chomhionannas agus ina ball den Fhóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach. Tá sí páirteach in eagraíochtaí deonacha le beagnach 30 bliain. Is céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad í Marian agus tá céim Eolaíochta Sóisialta aici sa tSocheolaíocht agus sa Bheartas Poiblí.



## Una McGrath

Ceapadh Una McGrath ar an mBord i mí an Mhárta 2010. D'oibrigh Una roimhe seo mar shainchomhairleoir agus bainisteoir um fhorbairt gnó i réimse an athraithe ar iompar taistil, ag fáil tacaíocht chorparáideach agus tacaíochta ón earnáil phoiblí le haghaidh iompar inbhuanaithe. Bhunaigh sí an tIonad Comaitéara ar Champas Ospidéal an Mater, a bhuaigh Gradam Living Dublin de chuid an Irish Times. Ceapadh í ar phainéal saineolaithe na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh chun measúnú a dhéanamh ar thograí cistiúcháin i gcomhair tionscadail iompair ó bhallstáit. Tá sí ag obair faoi láthair do Designing Dublin chun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a mhéadú i lár na cathrach. Tá BA i Margaíocht Idirnáisiúnta agus Teangacha ó DCU ag Una agus BA sa Dearadh ó DIT.



## Mary Mooney

Ceapadh Mary Mooney ar an mBord i mí na Bealtaine 2009. Is iar-TD í Mary le haghaidh Bhaile Átha Cliath Theas-Láir agus is iarchomhalta de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath í, áit a raibh sí ina cathaoirleach ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha do Thithíocht leis. Bhí Mary ina ball den chomhpháirtíocht um Thithe Inacmhainne agus tá sí ina hiarchathaoirleach ar Bhord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt. Tá lear mór taithí ag Mary chomh maith i margaíocht agus i scileanna bainistíochta mar gur bhainistigh sí gnólacht miondíola a teaghlaigh roimhe seo. Chuaigh Mary ar scor an 17 Bealtaine 2012.



## Arnold O'Byrne

Ceapadh Arnold O'Byrne ar an mBord ar dtús i mí Lúnasa 2001. D'oibrigh Arnold le General Motors ar feadh cúig bliana is tríocha agus sna cúig bliana déag deiridh a chaith sé le GM bhí sé ina Chathaoirleach agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Opel Ireland Ltd. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhiniúchóir le freagracht as oibríochtaí ar fad GM sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ó chuaigh sé ar scor as Opel Ireland Ltd, bhí poist ag Arnold mar Chathaoirleach agus Uachtarán ar Capmark Commercial Mortgage Bank Europe plc. De bhreis air sin, tá sé ina iaruachtarán ar Chumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI) agus ar Chumann Tráchtála Mheiriceá. Tá Arnold ina Chathaoirleach ar Capita Asset Services (Ireland) Ltd faoi láthair. Chuaigh Arnold ar scor an 31 Bealtaine 2012.



## Gráinne Tuke

Ceapadh Gráinne Tuke ar an mBord i mí an Mheithimh 2009. Is aturnae í Gráinne. Tá céim dlí aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus is ball cleachtach í de Dhlí-Chumann na hÉireann. Tá sí i gcleachtas dlí i gceantair thuaithe agus uirbeacha in Éirinn. Clúdaíonn sí réimse cleachtas dlí, idir ghinearálta agus shainiúil, le níos mó ná 25 bliain. Tá neart taithí phraiticiúil aici i gcuid mhór réimsí, lena n-áirítear dlí agus cleachtas tráchtála agus corparáideach, réadmhaoin tráchtála, tógáil agus innealtóireacht, fostaíocht, teicneolaíocht agus maoin intleachtúil, teileachumarsáid, meáin agus siamsaíocht, leigheas, iascaigh agus tionscadail foraoiseachta, iompar, miondíol agus cúrsaí rialála agus tráchtála. Chuaigh Gráinne ar scor an 1 Meitheamh 2012.

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don bhliain sin. Ceanglaítear ar na stiúrthóirí na nithe seo a leanas agus na ráitis airgeadais seo á gcur i dtoll a chéile:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhchuí le toimhdiú go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a ligeann dóibh a chinntiú gur réitíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcloíonn siad le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Tá freagracht orthu chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

# Tuarascáil na nIniúchóirí

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Bhaill Bhus Átha Cliath

Rinneamar iniúchadh ar Ráitis Airgeadais Bhus Átha Cliath don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011. San áireamh sna Ráitis Airgeadais seo tá na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, agus na nótaí gaolmhara. Cuireadh na ráitis airgeadais seo i dtoll a chéile de réir na mbeartas cuntasaíochta a leagtar amach sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanach 22.

## Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí i leith Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Instiitiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn) leagtha amach ar leathanach 18 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do bhaill na cuideachta amháin mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na tuairime seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh ach amháin má thugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tugaimid tuairisc daoibh i dtaobh ár dtuairime faoi cibé acu an dtugtar nó nach dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, agus faoi cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh i gceart iad de réir reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Sonraímid cibé acu an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaíonn uainn inár n-iniúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntas. Tuairiscímid ár dtuairim daoibh chomh maith i leith:

- cibé ar choinnigh nó nár choinnigh an chuideachta leabhair chuntas iomchuí;
- cibé an bhfuil nó nach bhfuil Tuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé acu an raibh nó nach raibh cás airgeadais ann ag dáta an chláir chomhardaithe ina mbeadh gá don chuideachta cruinniú ginearálta urghnách a ghairm; d'fhéadfadh cás airgeadais mar sin bheith ann murar ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa chlár comhardaithe, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite.

Tugaimid tuairisc daoibh freisin mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis a shonraítear sa dlí i ndáil le luach saothair na stiúrthóirí agus le hidirbhearta na stiúrthóirí, agus más féidir, déanaimid an fhaisnéis sin a chur inár dtuarascáil.

Léimid an fhaisnéis sa Tuarascáil Bhliantúil le deimhniú cibé acu an dtagann nó nach dtagann sí leis na ráitis airgeadais a ndearnadh iniúchadh orthu. Cuimsítear san fhaisnéis eile Tuarascáil na Stiúrthóirí, an tAthbhreithniú ar Oibríochtaí agus an tAthbhreithniú Airgeadais. Déanaimid breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán dár dtuarascáil má chuirtear ar an eolas sinn go bhfuil aon mhíráiteas follasach nó aon ábhar neamhréireach eile sna ráitis airgeadais. Ní phléimid le faisnéis ar bith eile inár gcuid freagrachtaí.

## Bunús na tuairime iniúchta

Thugamar faoinár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise lena mbaineann suimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, áirítear measúnú leis an iniúchadh ar na meastacháin agus ar na breithiúnais thábhachtacha a thug na stiúrthóirí i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás na cuideachta, curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go cuí.

Phleanálamar agus thugamar faoinár n-iniúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe uile a fháil a shíleamar a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Agus ár dtuairim á cruthú againn, rinneamar measúnú freisin ar oiriúnacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é ár dtuairim é go bhfuil na nithe seo a leanas fíor faoi na ráitis airgeadais:

- tugann siad léargas fírinneach cóir, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2011 agus maidir lena chaillteanas agus sreafaí airgid don tréimhse dar críoch sin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a mheasamar a theastaigh uainn inár n-iniúchadh. Is é ár dtuairim é gur choimeád an chuideachta leabhair chuntas iomchuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.

Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 12 go 14 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Is ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa chlár comhardaithe ar leathanach 24, agus níos lú ná leath de shuim a scairchaipitil ghlaoite, agus ar an mbonn sin táimid den tuairim go raibh cás airgeadais ann an 31 Nollaig 2011 a cheanglódh tionól chruinniú ginearálta urghnách na cuideachta, de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983. Reáchtáladh cruinniú ginearálta urghnách na cuideachta an 16 Meitheamh 2010.

## Béim ar ábhar – Gnóthas leantach

Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais, nach bhfuil cáilithe, rinneamar breithniú ar leorgacht an nochta a rinneadh i Nóta 1 leis na ráitis airgeadais maidir le cumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Thabhaigh an chuideachta glanchaillteanas €18.1 milliún le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus, tráth an dáta sin, bhí glansócmhainní darbh fhiú €21.5 milliún agus glansócmhainní reatha darbh fhiú €31.3 milliún ag an gcuideachta; baineann €71.1 milliún den mhéid seo le suimeanna dlite ón gcuideachta shealbhaíochta, CIÉ.

Mar a leagtar amach i Nóta 1 leis na Ráitis Airgeadais seo, léirítear i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an chuideachta tuilleadh easnamh idir 2012 agus 2013, agus go mbainfidh sí brabús amach arís in 2014, in 2015 agus in 2016. Mar gheall ar na heasnaimh airgid sin, beidh gá le maoiniú breise a fháil ó Ghrúpa CIÉ. Cuirtear in iúl i Nóta 1 de chuntais Ghrúpa CIÉ go bhfuil CIÉ i mbun idirbheartaíochta lena bhaincéirí i ndáil le hathnuachan a áiseanna reatha bainc atá le hathnuachan idir Eanáir 2013 agus Deireadh Fómhair 2013. Tá CIÉ i mbun caibidlíochta freisin leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le Baincéirí an Ghrúpa maidir leis an gcistiú breise a bheidh ag teastáil. Níor cuireadh na pléití seo i gcrích faoin am a formheasadh na ráitis airgeadais seo.

Cuireann na coinníollacha seo, mar aon leis na nithe eile a mhínítear i Nóta 1 leis na ráitis airgeadais, in iúl go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a d'fhéadfadh amhras a chruthú maidir le cumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Níl coigeartuithe san áireamh sna ráitis airgeadais a bheadh le sonrú mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

**Teresa Harrington**
Le haghaidh PricewaterhouseCoopers agus thar a gceann
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
Baile Átha Cliath, Éire
An 1 Samhain 2012

A. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine shuíomh gréasáin Bus Éireann; níl breithniú na n-ábhar sin san áireamh san obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe féideartha ar na ráitis airgeadais ó cuireadh ar an suíomh gréasáin iad i dtús báire.

B. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn réiteach agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.




*Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) a thabhairt isteach mar thairbhe atá ar fáil do gach paisinéir de chuid Bhus Átha Cliath tríd an suíomh gréasáin, feidhmchlár iPhone agus Android agus aonaid RTPI ar an tsráid.*

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an gcuideachta:

## (A) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éireann agus reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Is ionann caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir agus iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Sonraítear sócmhainní inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar a gcostas stairiúil. Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímheasa:

### (i) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Déantar dímheas ar fheithiclí paisinéirí bóthair ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa chabhlach leata thar a saolréanna fónta measta ar bhonn céatadán laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil.

### (ii) Stadanna Bus agus Scáthláin

Déantar dímheas ar stadanna bus agus scáthláin, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saolréanna fónta measta.

### (iii) Gléasra agus Innealra

Déantar dímheas ar ghléasra agus innealra, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saolréanna fónta measta.

## (C) Sócmhainní ar Léas

### Léasanna Oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a mhuirear chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (D) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus ar pháirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Deontais

### (i) Deontais an Aontais Eorpaigh agus an Státchiste

Déantar deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus an Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil ar thionscadail ar leith a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i ndáil le caiteachas ioncaim a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála agus ligtear chuig an gcuntas caiteachais cuí iad sa bhliain lena mbaineann an caiteachas.

### (ii) Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

## (F) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na suimeanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadra eachtrach ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Déantar an costas a bhfuil coinne leis i dtaobh pinsin a chur ar fáil d'fhostaithe a mhuirear chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, le tairbhe comhairle ón achtúire neamhspleách, ag céatadán a mheastar bheith cobhsaí den phá inphinsin. Leatar athraithigh ó chostais phinsin rialta, a shainaithnítear i luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar na meánsaoil seirbhíse a mheastar atá fágtha ag baill na scéime. Soláthraítear do chostas caipitil sochair pinsean forlíontach agus déantar é a mhuirear chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais sa bhliain ina n-aithnítear téarbhadh an fhostaí lena mbaineann agus áirítear sa chostas téarfa é.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | **2011 €000** | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **178,311** | 182,153 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *3* | **(181,167)** | (187,737) |
| Ábhair agus seirbhísí | *4* | **(78,604)** | (69,307) |
| Dímheas | *5* | **(10,246)** | (15,636) |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla | *6* | **(122)** | (8,110) |
| **Costais oibriúcháin iomlána** | | **(270,139)** | (280,790) |
| **Easnamh roimh ghnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, leasanna agus íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | | **(91,828)** | (98,637) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | | **321** | 653 |
| **Easnamh roimh ús agus íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | | **(91,507)** | (97,984) |
| Ús infhaighte | *7* | **325** | 243 |
| **Easnamh don bhliain roimh íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | | **(91,182)** | (97,741) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | *8* | **73,032** | 75,682 |
| **Easnamh don bhliain** | | **(18,150)** | (22,059) |
| Easnamh carntha ag tús na tréimhse | | **(30,183)** | (8,124) |
| **Easnamh carntha ag deireadh na tréimhse** | | **(48,333)** | (30,183) |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha na cuideachta.
Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta eile seachas iad siúd a áiríodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Thar ceann an bhoird
**An tUasal K. Bonner** Cathaoirleach
**G. Joyce, Uas.** Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe

| Amhail an 31 Nollaig | *Nótaí* | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *9* | **119,166** | 133,956 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *10* | **4,002** | 2,568 |
| Féichiúnaithe | *11* | **80,536** | 65,052 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **135** | 187 |
| | | **84,673** | 67,807 |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *12* | **(53,353)** | (64,699) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **31,320** | 3,108 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **150,486** | 137,064 |
| **Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir** | *14* | **(73,676)** | (78,834) |
| **Ioncam iarchurtha** | *15* | **(55,307)** | (56,670) |
| | | **21,503** | 1,560 |
| **Arna maoiniú acu seo a leanas:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *16* | **69,836** | 31,743 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | **(48,333)** | (30,183) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | *17* | **21,503** | 1,560 |

Thar ceann an bhoird

**An tUasal K. Bonner** Cathaoirleach

**G. Joyce, Uas.** Stiúrthóir

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

| Amhail an 31 Nollaig | *Nótaí* | **2011 €000** | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *18 (A)* | **(23,978)** | (17,962) |
| **Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | *18 (B)* | **325** | 243 |
| **Caiteachas caipitiúil** | *18 (B)* | **(6,400)** | (9,295) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe** | *18 (B)* | **307** | 650 |
| **Deontais chaipitil a fuarthas** | *18 (B)* | **6,168** | 6,200 |
| **Eis-sreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú** | | **(23,578)** | (20,164) |
| **Glanbhainistiú ar acmhainní leachtacha** | | **(14,723)** | 20,250 |
| **Eisiúint gnáth-scairchaipitil** | | **38,093** | — |
| **(Laghdú)/méadú ar airgead sa bhliain** | | **(208)** | 86 |

Is éard is acmhainní leachtacha ann suimeanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead a ghintear nach dteastaíonn láithreach d'oibríochtaí, a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, inaisíoctha ar éileamh.

| **Réiteach glan-insreafa airgid go gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
|---|---|---|---|
| (Laghdú)/méadú ar airgead sa bhliain | *18 (C)* | **(208)** | 86 |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó iarmhéid cuideachta shealbhaíochta | *18 (C)* | **14,723** | (20,250) |
| **Gluaiseacht i nglanchistí sa bhliain** | | **14,515** | (20,164) |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | *18 (C)* | **56,558** | 76,722 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | *18 (C)* | **71,073** | 56,558 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## *1. Gnóthas leantach – Éiginnteacht Ábhartha*

Thabhaigh an chuideachta glanchaillteanas €18.1 milliún le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus, tráth an dáta sin, bhí glansócmhainní darbh fhiú €21.5 milliún ag an gcuideachta. Léirítear i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an chuideachta tuilleadh easnamh idir 2012 agus 2013, agus go mbainfear brabús amach arís in 2014, in 2015 agus in 2016. Mar gheall ar na heasnaimh airgid sin, beidh gá le maoiniú breise a fháil ó Ghrúpa CIÉ. Tá cóip den nochtadh a bhaineann le Gnóthas Leantach a áirítear le Nóta 1 de Ráitis Airgeadais CIÉ, san áireamh thíos:

> "Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, rud a thugann le fios go go mbeidh an Grúpa ábalta leanúint ar aghaidh i mbun feidhme go ceann i bhfad.
>
> Tá an Grúpa ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil an dúrud dúshlán. Tá an meath leanúnach ar gheilleagar na hÉireann tar éis dul i bhfeidhm go holc ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus tá dúshláin á gcur os a choinne i rith an ama. Tá laghdú tagtha ar thurais paisinéirí agus tá laghdú tagtha ar an maoiniú Stáit do CIÉ de bharr laghdú ar Chaiteachas Poiblí an Rialtais trí chéile.
>
> Bhain an Grúpa barraíocht úsáide as na háiseanna iasachtaíochta a bhí ar fáil dó in 2012. Íocadh an barrachas go dtí seo a bhuíochas le réamhíocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí. Gan aon bhearta maolaitheacha i bhfeidhm, meastar go sáróidh an Grúpa a chuid áiseanna reatha iasachtaíochta in 2013 arís. Anuas air sin, tá áiseanna reatha iasachtaíochta bainc an Ghrúpa (ar fiú €107 milliún iad) le dul in éag ar dhátaí éagsúla idir Eanáir agus Deireadh Fómhair 2013. Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí fiach bainc agus léasaithe gan íoc dar fiú €77.8 milliún ag an nGrúpa. Is é €121 milliún (lena n-áirítear áiseanna léasaithe €14 mhilliún) na huasáiseanna féich atá ar fáil don Ghrúpa faoi láthair.
>
> Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don Ghrúpa chun gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa a mhaoiniú aníos leis an 31 Nollaig 2012. Ní dhearnadh cinneadh go fóill maidir le leagan amach ná le méid an chistiúcháin seo. Chuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt litir thacaíochta ar fáil don Ghrúpa dátaithe an 30 Lúnasa 2012. Sonraítear sa litir go ndéanann an Rialtas "leanúint uirthi faireachán a dhéanamh ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i dteagmháil leis an gcuideachta maidir leis na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint." Cé go sonraítear sa litir nach féidir aon rud atá sa litir a fhorléiriú mar ráthaíocht maidir le hoibleagáidí nó le dliteanais CIÉ, sonraítear inti freisin "go bhfuil sé mar bheartas an Rialtais go fóill go bhfuil gnó CIÉ in ann a chuid dliteanas a chomhlíonadh i gcónaí. Is scairshealbhóir aonair CIÉ é an Stát, agus féadaim dearbhú go leanfaidh an Stát ar aghaidh ag feidhmiú a cheart scairshealbhóra agus é mar chuspóir aige go ndéanfaidh CIÉ bainistiú ar a oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a chuid oibleagáidí uile a bhaint amach go tráthúil. Bheadh ar ghníomh ar bith de chuid an Stáit teacht le dlí an AE, áfach, lena n-áirítear rialacha Státchabhrach a d'fhéadfadh fógra agus formheas an Choimisiúin a iarraidh.
>
> Cuirtear in iúl i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Grúpa tuilleadh easnamh in 2012, in 2013 agus in 2014, agus go mbainfidh sé brabús amach arís in 2015 agus in 2016. Mar gheall ar na heasnaimh airgid sin, beidh gá le háiseanna athnuaite, le maoiniú eile agus le bearta ar nós laghdú costais agus réadú sócmhainní.
>
> Is ábhar éiginnteachta don ghnólacht iad na cúinsí seo agus cruthaíonn siad amhras maidir le cumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh i mbun trádála mar ghnóthas leantach sa chaoi a bhfuil air i láthair na huaire.
>
> Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phlean gnó an Ghrúpa, ar na buntoimhdí don tréimhse idir 2011 agus 2016 agus ar a bhuiséad don bhliain 2012, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar thoradh na bpléití a raibh lucht bainistíochta an Ghrúpa ina mbun leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar na mallaibh, tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird go gcinnteoidh gníomhartha a bheartaítear, mar aon leis na háiseanna athnuaite agus maoiniú eile, le maoiniú breise na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le hioncam breise ó mhéaduithe ar tháillí, le tacaíocht an Rialtais, agus le cur i bhfeidhm rathúil na mbeart um laghdú costais, go mbeidh dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí go ceann i bhfad.
>
> Tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird, in ainneoin go bhfuil roinnt éiginnteachtaí os comhair an Ghrúpa, gur féidir dul i ngleic leis na héiginnteachtaí seo trí roinnt beart. Áirítear leis na bearta seo:
>
> - Sócmhainní nach bunsócmhainní iad a réadú;
> - An bonn costais a laghdú, lena n-áirítear laghduithe ar an bpárolla;
> - Méaduithe ilbhliantúla ar tháillí; agus
> - Clár caipitil féinmhaoinithe a chiorrú.
>
> Bhí pléití tosaigh ar bun ag an lucht bainistíochta lena mbaincéirí i ndáil leis na háiseanna nua sa bhliain 2013. Toisc nach bhfuil smacht iomlán ag an nGrúpa ar thoradh phléití an Ghrúpa leis na bainc, leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, tá na Comhaltaí Boird den tuairim go bhfuil an riosca ina éiginnteacht ábhartha a chruthaíonn amhras maidir le cumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Mar sin féin, tar éis fiosrúcháin chuí a dhéanamh agus ag cur na n-éiginnteachtaí a shonraítear thuas san áireamh, tá na Comhaltaí Boird measartha dóchasach go gcuirfear áiseanna athnuaite agus maoiniú eile ar fáil don Ghrúpa agus go dtabharfaidh an Rialtas tacaíocht do na bearta chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú. Ar na fáthanna sin, baineann na Comhaltaí Boird leas as bonn an ghnóthais leantaigh i rith an ama le haghaidh ullmhú na ráiteas airgeadais. Níl coigeartuithe ar bith san áireamh sna ráitis airgeadais a mbeadh gá leo mura mbeadh an Grúpa in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach."

## 2. *(Easnamh)/barrachas glan de réir gníomhaíochta*

| | Gníomhaíochta Sóisialta | | Gníomhaíochta Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **2011** | 2010 | **2011** | 2010 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **€000** | €000 | **€000** | €000 |
| **Ioncam** | **167,200** | 171,227 | **11,111** | 10,926 |
| **Costais** | **(259,180)** | (269,637) | **(10,313)** | (10,257) |
| **(Easnamh)/barrachas oibriúcháin** | **(91,980)** | (98,410) | **798** | 669 |
| **Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | **73,032** | 75,682 | **—** | — |
| **(Easnamh)/barrachas glan** | **(18,948)** | (22,728) | **798** | 669 |

## 3. *Párolla agus costais ghaolmhara*

| | **2011** | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Costais foirne** | | |
| Pánna agus tuarastail | **154,507** | 160,057 |
| Costais leasa shóisialaigh | **14,892** | 15,034 |
| Costais phinsin eile | **11,617** | 12,532 |
| Obair féin caipitlithe | **(54)** | (61) |
| **Costais foirne iomlána** | **180,962** | 187,562 |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| **Sochar oifige** | | |
| - as seirbhísí mar stiúrthóirí | **84** | 60 |
| - as seirbhísí eile | **121** | 115 |
| **Luach saothair agus sochar oifige na stiúrthóirí san iomlán** | **205** | 175 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara san iomlán** | **181,167** | 187,737 |

Áirítear Táillí Stiúrthóirí mar seo a leanas sna sochair oifige stiúrthóirí le haghaidh 2011: €10,966 don Uasal K. Bonner; €12,600 an duine do N. Maher, Uas., do U. McGrath, Uas., do M. Mooney, Uas., don Uasal A. O'Byrne, agus do G. Tuke, Uas.; agus €10,319 do M. McGennis, Uas.

Ní bhfuair an tUasal B. McCamley ná an tUasal W. McDermott aon Táillí Stiúrthóirí ón gcuideachta.

Tá €188,150 san áireamh i gcostais Phánna agus Tuarastail a íocadh leis an Uasal P. Doherty, Príomhfheidhmeannach.

| | Líon Ball Foirne | |
|---|---|---|
| | **2011** | 2010 |
| B'ionann an méid seo a leanas agus an meánlíon fostaithe le linn na bliana: | **3,345** | 3,562 |

## 4. *Ábhair agus Seirbhísí*

| | **2011** | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Breosla agus bealaí | **31,285** | 29,713 |
| Ábhair | **17,250** | 16,839 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **585** | 615 |
| Cíos agus rátaí | **839** | 803 |
| Cíosanna léas oibriúcháin | **564** | 540 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra | **6,434** | (1,251) |
| Speansais íoctha le stiúrthóirí | **1** | 7 |
| Seirbhísí eile | **21,999** | 22,278 |
| Deontais ioncaim *(Nóta 15)* | **(353)** | (237) |
| | **78,604** | 69,307 |

Áirítear leis na speansais a íocadh le stiúrthóirí in 2011 €423 le haghaidh táillí comhdhála do U. McGrath, Uas. agus €94 i speansais taistil don Uasal K. Bonner.

## 5. *Dímheas*

| | **2011** | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Dímheas *(Nóta 9)* | **21,185** | 30,967 |
| Amúchadh dheontais chaipitil an AE/Státchiste *(Nóta 15)* | **(10,939)** | (15,331) |
| | **10,246** | 15,636 |

## 6. *Costais Oibriúcháin Eisceachtúla*

| | **2011** | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| *Athstruchtúrú gnó* | **122** | 8,110 |

Mar chuid de chlár laghdaithe costais, thug an chuideachta clár téarfa agus luathscoir dheonaigh isteach. Is é €0.122 milliún an costas sa bhliain 2011 (2010: €8.110 milliún), lena n-áirítear íocaíochtaí téarfa agus costais eile a bhaineann leis an gclár.

## 7. *Ús (Infhála)/Iníoctha*

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ar iarmhéideanna leis an gcuideachta shealbhaíochta | (321) | (247) |
| (Fáltais)/íocaíochtaí úis eile | (4) | 4 |
| | (325) | (243) |

## 8. *Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí*

Ba é €73,032,000 íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a bhí iníoctha le Bus Átha Cliath trína chuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 (2010: €75,682,000).

## 9. *Sócmhainní Seasta Inláimhsithe*

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Stadanna Bus agus Scáthláin €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2011 | 290,696 | 25,702 | 59,183 | 375,581 |
| Breiseanna | 2,145 | 767 | 3,488 | 6,400 |
| Diúscairtí | (17,469) | — | (9,717) | (27,186) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2011** | 275,372 | 26,469 | 52,954 | 354,795 |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2011 | 199,730 | 4,915 | 36,980 | 241,625 |
| Táille don bhliain | 14,662 | 1,711 | 4,812 | 21,185 |
| Diúscairtí | (17,468) | — | (9,713) | (27,181) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2011** | 196,924 | 6,626 | 32,079 | 235,629 |
| **Glansuimeanna leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2011** | 78,448 | 19,843 | 20,875 | 119,166 |
| Amhail an 31 Nollaig 2010 | 90,966 | 20,787 | 22,203 | 133,956 |

## *9. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (ar lean)*

(a) Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar mheastachán na saolréanna fónta i leith feithiclí paisinéirí bóthair agus ar leithdháileadh an dímheasa thar shaolréanna na bhfeithiclí i bhfianaise patrúin oibriúcháin atá i mbun athrú. Chinn na stiúrthóirí an meastachán i dtaca le saolréanna fónta thromlach na bhfeithiclí paisinéirí bóthair a mhéadú agus leithdháileadh an dímheasa go tréimhsí cuntasaíochta thar na saolréanna sin a athbhreithniú le héifeacht ón 1 Eanáir 2011. Mar thoradh ar na hathruithe seo, déanfar bunús na bhfeithiclí paisinéirí bóthair a dhímheas thar 12 bhliain in áit 10 mbliana. Tá laghdú €5.864 milliún tagtha ar an muirear dímheasa in 2011 dá dheasca.

(b) Is iad seo a leanas na saolréanna fónta measta de na cineálacha éagsúla sócmhainne chun críocha dímheasa:

| | **Saolréanna (Blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 7 – 12 |
| Stadanna bus agus scáthláin | 3 – 15 |
| Gléasra agus innealra | 3 – 10 |

(c) Dímheasadh feithiclí paisinéirí bóthair ar chostas €72,681,000 (2010: €67,058,000) go hiomlán, ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(d) Áirítear i mbreiseanna thuas €Neamhní (2010: Neamhní) i leith feithiclí paisinéirí bóthair, ar sócmhainní iad i rith tógála agus sócmhainní nach bhfuil i seirbhís go fóill.

## *10. Stoic*

| | **2011 €000** | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | **2,618** | 1,392 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | **1,384** | 1,176 |
| | **4,002** | 2,568 |

## *11. Féichiúnaithe*

| | **2011 €000** | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **6,333** | 6,696 |
| Suimeanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta | **71,094** | 56,371 |
| Deontais an AE/Státchiste infhaighte | **248** | — |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **2,861** | 1,985 |
| | **80,536** | 65,052 |

## *12. Creidiúnaithe*

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Rótharraingt bainc | **156** | — |
| Creidiúnaithe trádála | **3,343** | 5,297 |
| Cáin ioncaim/tobhach bainte faoi ÍMAT | **3,585** | 2,254 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | **1,978** | 1,983 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **201** | 225 |
| Creidiúnaithe eile | **3,525** | 3,759 |
| Ioncam iarchurtha | **8,122** | 8,358 |
| Fabhruithe | **8,912** | 9,963 |
| Téarbhadh deonach | **3,033** | 11,183 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra *(Nóta 14)* | **10,000** | 8,000 |
| Ioncam iarchurtha *(Nóta 15)* | **10,498** | 13,677 |
| | **53,353** | 64,699 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **5,764** | 4,462 |

## *13. Oibleagáidí Léasa*

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Léasanna Oibriúcháin** | | |
| Éagann ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin iníoctha sa bhliain amach romhainn nach bhféadfaí a chur ar ceal mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **134** | 73 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **302** | 21 |
| | **436** | 94 |

## *14. Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir*

| | **2011** | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **86,834** | 95,400 |
| Úsáidte le linn na bliana | **(9,159)** | (6,913) |
| Aistriú ón gCuntas Brabúis agus Caillteanais | **6,001** | (1,653) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | **83,676** | 86,834 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(Nóta 12)* | **10,000** | 8,000 |
| Suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | **73,676** | 78,834 |
| | **83,676** | 86,834 |

Déantar aon chaillteanais nach gclúdaítear le hárachas seachtrach a mhuirear chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus tá suimeanna nach bhfuil socraithe san áireamh sa soláthar do dhliteanais agus do mhuirir.

Aistríodh soláthairtí a tháinig ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais i bhfianaise na n-éileamh a rinneadh le tamall anuas.

**(A) Clúdach Árachais Sheachtraigh**

Tá an clúdach árachais sheachtraigh seo a leanas ag Córas Iompair Éireann, thar ceann na cuideachta:

(i) dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás gníomhartha a thógtar as éilimh bhóthair faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$3,300,000;

(ii) dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €150,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin;

(a) damáiste uisce nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €2,000,000; agus

(b) aon éilimh faoi réir dhlínse Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$150,000.

(iii) dliteanais iompair bóthair os cionn coinneáil féin-árachais €15,000,000 i gcomhshuim sa tréimhse dhá mhí dhéag, Aibreán 2011 go Márta 2012, faoi réir scair fhoriomlán choinneála féin-árachais an Ghrúpa arb ionann í agus €27,000,000 i bhfigiúr comhiomlán na bliana ina mbeidh aon scair aonair choinneála féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €50,000 ina dhiaidh;

(iv) Maidir le hÁrachas Comhcheangailte Dliteanais Grúpa, lena n-áirítear dliteanas Sceimhlitheoireachta, is

### *14. Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir (ar lean)*

#### *(A) Clúdach Árachais Sheachtraigh (ar lean)*

ionann slánaíocht fhoriomlán agus €200,000,000 don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2011 agus Márta 2012, le haghaidh gach dliteanais iompair iarnróid agus bóthair, Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile;

(v) Gach riosca don Ghrúpa, lena n-áirítear damáiste stoirme, lena ngabhann slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas, leis an mbarrachas bliantúil gan dul thar €5,000,000 san iomlán ina mbeidh aon bharrachas aonair féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €100,000 ina dhiaidh; agus

(vi) Is é €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa lena ngabhann barrachas €500,000 i ndáil le rothstoc bóthair agus iarnróid agus €150,000 i ndáil le damáiste eile maoine, do gach ceann de na caillteanais.

#### (B) Soláthairtí agus Gnóthuithe Gaolmhara um Éilimh Dhliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn tuairiscithe (IBNR) don chuideachta go fóill. Áirítear le costas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach le linn éilimh a bhainistiú, ach ní áirítear forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an chuideachta na céimeanna réasúnta uile le cinntiú go mbíonn an fhaisnéis oiriúnach acu i dtaobh a gcuid neamhchosaintí éilimh. Ar a shon sin, mar gheall ar an neamhchinnteacht a ghabhann le soláthairtí éilimh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Maidir le ríomh chostas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach sheachtrach. Tá samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil an eispéiris stairiúil; glactar leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha comhsheasmhach lenar tharla roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe ar an timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus tionchar caillteanas mór.

Maidir le meastachán a dhéanamh ar chostas na n-éileamh a fógraíodh ach a bhíonn gan íoc, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpiste arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh chúirte ar dhliteanais lena mbaineann tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn samhaltú achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin inar glaodh imscrúdaitheoirí chuig láithreacha na dtimpistí. Is gnách go léireoidh cineálacha éilimh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo, agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán sách ard dá bhrí sin, éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar go mbaineann níos mó deacrachta le meas na gcúlchistí sin.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh mar ollmhéid d'aon aisghabhálacha athárachais nuair is féidir na haisghabhálacha sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil d'aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar nádúr agus ar mhéid chlár athárachais na cuideachta le himeacht ama a léiriú. Déantar measúnú freisin ar in-aisghabhálacht aisghabhálacha athárachais ag féachaint d'fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí i dtréimhse iar-dhíscoir.

## *15. Ioncam Iarchurtha*

| | **2011** | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Léiríonn an cuntas seo deontais an AE/Státchiste a chuirtear san áireamh de réir Bheartas Cuntasaíochta E.** | | |
| **Deontais an Aontas Eorpaigh/Státchiste** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **70,347** | 79,514 |
| Faighte agus infhaighte | **6,750** | 6,437 |
| **Aistriú chuig Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | | |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(Nóta 5)* | **(10,939)** | (15,331) |
| Díscríobh sócmhainní cúnamh deontais | **—** | (36) |
| Deontas ioncaim *(Nóta 4)* | **(353)** | (237) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | **65,805** | 70,347 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(Nóta 12)* | **10,498** | 13,677 |
| Suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | **55,307** | 56,670 |
| | **65,805** | 70,347 |

## *16. Scairchaipiteal*

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann amhail an 1 Eanáir | **38,092** | 38,092 |
| Méadú ar Scaireanna Údaraithe | **88,882** | — |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann amhail an 31 Nollaig | **126,974** | 38,092 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán:** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann amhail an 1 Eanáir | **31,743** | 31,743 |
| Méadú ar Scaireanna Eisithe | **38,093** | — |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann amhail an 31 Nollaig | **69,836** | 31,743 |

## *17. Réiteach Gluaiseachtaí i gCistí Scairshealbhóirí*

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **1,560** | 23,619 |
| Easnamh don bhliain | **(18,150)** | (22,059) |
| Gnáthscaireanna eisithe | **38,093** | — |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **21,503** | 1,560 |

## *18. Ráiteas ar Shreabhadh Airgid*

| | **2011** | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **(A) Réiteach easnamh oibriúcháin chuig sreafaí airgid oibriúcháin** | | |
| Easnamh oibriúchán roimh ús agus íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | **(91,507)** | (97,984) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí *(Nóta 8)* | **73,032** | 75,682 |
| | **(18,475)** | (22,302) |
| Dímheas | **21,185** | 30,967 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | **(10,939)** | (15,331) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | **(321)** | (653) |
| (Méadú)/laghdú ar stoic | **(1,434)** | 224 |
| (Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe | **(513)** | 712 |
| Laghdú ar chreidiúnaithe agus ar sholáthairtí | **(13,481)** | (11,579) |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(23,978)** | (17,962) |

**(B) Anailís ar shreafaí airgid do ghlanteidil sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid**

| | | |
|---|---|---|
| **Fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | | |
| Ús a fuarthas | **321** | 247 |
| Fáltais/(íocaíochtaí) úis eile | **4** | (4) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó fhónamh a dhéanamh ar airgeadas** | **325** | 243 |

| | | |
|---|---|---|
| **Caiteachas caipitiúil** | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | **(6,400)** | (9,295) |
| Glan-insreabhadh airgid ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **307** | 650 |
| Deontais chaipitil an AE/an Státchiste | **6,168** | 6,200 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó chaiteachas caipitiúil** | **75** | (2,445) |

## *18. Ráiteas ar Shreabhadh Airgid (ar lean)*

| | Amhail an 1 Ean. 2011 €000 | Sreabhadh Airgid €000 | Amhail an 31 Nollaig 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **(C) Anailís ar ghlanchistí** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 187 | (52) | 135 |
| Rótharraingt | – | (156) | (156) |
| | | (208) | |
| Iarmhéid cuideachta shealbhaíochta | 56,371 | 14,723 | 71,094 |
| | | 14,723 | |
| **Iomlán** | 56,558 | 14,515 | 71,073 |

## *19. Pinsin*

Tá fostaithe Bhus Átha Cliath ina mbaill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Chóras Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Chóras Iompair Éireann dhá scéim pinsin le sochar sainithe a chlúdaíonn formhór na bhfostaithe, an dá cheann á maoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire neamhspleách cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir scaireanna duine aonair i sócmhainní agus dliteanais scéim pinsin Chóras Iompair Éireann a shainaithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnta toisc fiú dá mbeifí in ann baill neamhghníomhacha a leithdháileadh thar fhochuideachtaí bunaithe ar an lá deireanach fostaíochta, d'fhéadfadh go raibh fostaithe ag obair do níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a shainaithint cé leis an dliteanas (agus an tsócmhainn chomhfhreagrach) do na tréimhsí leanúnacha fostaíochta. Cuireadh na ranníocaíochtaí i ndáil leis na scéimeanna seo san áireamh, amhail is gur scéim shainithe ranníocaíochta a bhí ann mar a cheadaítear i Ráiteas um Thuairisciú Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochar Scoir) ag cuideachtaí Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Léirigh an luacháil achtúireach is déanaí ar na scéimeanna do sholáthairtí FRS 17 amhail an 31 Nollaig 2011 go raibh easnamh €159.2 milliún sna scéimeanna.

Ba é €11.6 milliún an costas pinsin don bhliain ar na scéimeanna le sochar sainithe; áirítear na costais seo i Nóta 3.

## *20. Ceangaltais Chaipitil*

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ar conradh le haghaidh | **7,972** | 4,871 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar conradh le haghaidh | **25,958** | — |
| | **33,930** | 4,871 |

## *21. Dliteanais Theagmhasacha*

**Dlíthíocht ar Feitheamh**

Ó am go chéile, bíonn an chuideachta ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, a éiríonn as baint leis na nithe sin de bhreis go hábhartha ar sholáthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

## *22. Idirbhearta Páirtí Ghaolmhair*

Is páirtithe gaolmhara den chuideachta iad aonáin faoi smacht Rialtas na hÉireann de bhua smacht Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

I ngnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear leis na príomhchinn acu sin Comhairlí Cathrach agus Contae éagsúla, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus BSL. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam de na ceannacháin seo bainteach le gnó na cuideachta.

Tugann ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis atá ag teastáil faoi Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 8 (Nochtuithe na bPáirtithe Gaolmhara) a bhaineann le hidirbhearta idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## *23. Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann*

Is fochuideachta ar lánúinéireacht atá i mBus Átha Cliath de chuid Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí ballraíochta sa Ghrúpa.

## *24. Formheas na Ráiteas Airgeadais*

D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 24 Deireadh Fómhair 2012.




*I Meitheamh 2011, sheol Bus Átha Cliath seirbhís fheabhsaithe Airlink, a bhaineann úsáid as Tollán an Chalafoirt sa dá treo lena chinntiú go mbeidh na custaiméirí in ann Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhaint amach níos tapa.*

Bus Átha Cliath